Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

poistphoiblí publicjobs

Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge

Láthair: Baile Átha Cliath

UA an Fholúntais: 7472

Dáta Deiridh: 3i.n. Déardaoin an 15 Deireadh Fómhair 2026



UA an Fholúntais: 7472
Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge

Tá poistphoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais agus cuireann muid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

Reáchtálfaidh poistphoiblí an comórtas seo de réir na dTreoirlínte maidir le ceapacháin i bpoist nach dtagann faoi scáth an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, atá le fáil ar https://www.publicjobs.ie/ga/foilseachain

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

Teagmhálaí Poistphoiblí: Labhaoise Ní Choileáin, Ceannasaí ar thaobh poistphoiblí

Ríomhphost: Labhaoise.NiChoileain@publicjobs.ie

Uimhir Ghutháin: 01 858 7755

URL: www.publicjobs.ie/ga/

Príomhfheidhmeannach,
Foras na Gaeilge

Eolas faoi Fhoras na Gaeilge

Is gníomhaireacht de chuid an Fhorais Teanga é Foras na Gaeilge, ceann de shé chomhlacht trasteorainn a bunaíodh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann lenar bunaíodh na Comhlachtaí Forfheidhmithe a síníodh ar an 8 Márta 1999.

Tugadh éifeacht intíre don Chomhaontú, i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn, trí bhíthin *an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999* (http://www.legislation.gov.uk/uksi/1999/2062/contents/made) agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 (British-Irish Agreement Act, 1999) faoi seach (lena n-áirítear na leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin in 2002, 2005 agus 2006).

Tá an Foras Teanga freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus do na hAirí sna Ranna Coimircíochta, i.e. an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta in Éirinn agus an Roinn Pobal i dTuaisceart Éireann.

Cuimsíonn an Foras Teanga dhá Ghníomhaireacht faoi leith, i.e.

- Foras na Gaeilge, a bhfuil sé mar phríomhfhreagracht air an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den ghnáthshaol laethúil ar fud oileán na hÉireann, agus
- Gníomhaireacht na hUltaise, a bhfuil sé mar phríomhfhreagracht uirthi teanga agus cultúr na hUltaise a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud oileán na hÉireann araon.

An Bord

Cuimsíonn Bord an Fhorais Teanga Boird an dá Ghníomhaireacht. Tá 16 chomhalta ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus 8 gcomhalta ar Bhord Ghníomhaireacht na hUltaise. Déanann an CATT ceapacháin chuig an mBord mar thoradh ar ainmniúcháin a dhéanann na hAirí sa dá dhlínse ar bhonn 50:50. Forálann an reachtaíocht go gceapfaidh an Foras Teanga Príomhfheidhmeannach do gach gníomhaireacht faoi réir cheadú an CATT agus go mbeidh an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú agus rialú ginearálta ghnóthaí riaracháin agus ghnó na gníomhaireachta.

Ról Fhoras na Gaeilge

Is iad seo a leanas na freagrachtaí reachtúla atá leagtha amach d'Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Ráiteas Misin Fhoras na Gaeilge
Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol.

Ráiteas Físe Fhoras na Gaeilge
An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann

Luachanna Fhoras na Gaeilge
Tá 5 luach nó bhunphrionsabal aitheanta againn a threoraíonn ár gcuid oibre ó lá go lá.

- **Leas na Gaeilge**: Is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanann muid. Is cás linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. Baineann muid leas as ár n-acmhainní, ár dtionchar agus ár saineolas ar bhealach comhordaithe comhtháite ar mhaithe le leas na Gaeilge sa tsochaí.
- **An Pobal**: Tá muid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. Aithníonn muid ár ndualgais reachtúla agus ár bhfreagracht don phobal, idir phobal na Gaeilge agus an mórphobal. Cuireann muid san áireamh iad inár gcuid oibre, ó phleanáil go cur i gcrích, ar bhealach gairmiúil tuisceanach solúbtha, bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar thaighde, agus ag cur pholasaithe an 2 Rialtas san áireamh.
- **Ardchaighdeáin**: Seasann muid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. Déanann muid ár gcuid oibre ar bhealach tiomanta, bunaithe ar dhea-chleachtas, ar shaineolas agus ar athbhreithniú rialta, agus déantar an fhoireann a oiliúint agus a chumasú go córasach.
- **Meas**: Cothaíonn muid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. Déanann muid cumarsáid éifeachtach le comhghleacaithe agus leis an bpobal, agus freagraíonn muid dóibh ar bhealach dearfach, samhlaíoch agus trédhearcach.
- **Ceannaireacht**: Seasann muid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. Cuireann muid fís don Ghaeilge i láthair go bródúil inár gcuid oibre. Déanann muid ár ndícheall tionchar dearfach a imirt ar son na Gaeilge agus muid ag plé leis an bpobal ar bhealach ceannródaíoch, nuálaíoch, saineolach.

Buiséad
Is é €19,439,000 buiséad an CATT d'Fhoras na Gaeilge in 2026. Cuirtear maoiniú imfhálaithe ar leith ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Clár na Leabhar Gaeilge, Pleanáil Teanga agus réimsí eile atá ábhartha do chúraimí Fhoras na Gaeilge.

Foireann
Tá 71 phost buan ceadaithe d'Fhoras na Gaeilge.

Láthair
Beidh an Príomhfheidhmeannach lonnaithe i gceanncheathrú Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Tá oifigí réigiúnacha ag Foras na Gaeilge freisin i mBéal Feirste, i nGaoth Dobhair, i nDún Seachlainn agus i Ráth Chairn.

Tuilleadh Sonraí
Tá tuilleadh sonraí le fáil ar http://www.forasnagaeilge.ie

Ról an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapfaidh an Foras Teanga an Príomhfheidhmeannach d'Fhoras na Gaeilge faoi réir cheadú an CATT. Mar atá leagtha amach sa Mheamram Airgeadais don Fhoras Teanga, is é nó í an Príomhfheidhmeannach an Duine Cuntasach a bheidh freagrach as riar éifeachtúil agus éifeachtach ar fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge. Beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach do Bhord Fhoras na Gaeilge maidir le húsáid acmhainní na Gníomhaireachta.

Beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach as na gnóthaí laethúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas mar phríomhfhreagrachtaí:

- bainistiú éifeachtach na Gníomhaireachta i gcomhréir lena reachtaíocht agus an treoir rialaithe atá curtha ar fáil ag an CATT nó aontaithe ag na Ranna Coimircíochta;
- gach feidhm oibriúcháin, lena n-áirítear gnóthaí airgeadais, pearsanra, teicniúla agus saincheisteanna oibriúcháin eile;
- ceannaireacht straitéiseach a sholáthar chomh maith le spreagadh foirne chun a chinntiú go ndéanfar comhordú éifeachtach ar spriocanna airgeadais agus oibriúcháin agus go mbainfear na spriocanna sin amach;
- comhlíonadh fhorálacha an Mheamraim Airgeadais atá aontaithe ag na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais, i gcás ábhartha, le forálacha ábhartha an dá dhlínse;
- soláthar comhairle agus eolais don Bhord;
- soláthar comhairle agus eolais, nuair is iomchuí, do na Ranna Coimircíochta agus don CATT; agus
- a chinntiú go bhfuil cosaint tugtha do na hacmhainní uile agus go bhfuil siad á n-úsáid ar bhealach barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach agus go gcomhlíonann na rialúcháin airgeadais agus na rialúcháin eile bhainistíochta, atá ann chun cistí poiblí a chosaint, na ceanglais a bhaineann le cuibheas, rialtacht agus dea-bhainistiú airgeadais.

Cuntasacht

I gcomhréir le forálacha na reachtaíochta rialaithe, tuairiscíonn Foras na Gaeilge don Roinn Forbartha Tuaithe agusPobail agus Gaeltachta in Éirinn agus don Roinn Pobal i dTuaisceart Éireann ina gcáil mar Ranna Coimircíochta thar ceann an CATT. Tionóltar cruinnithe foirmiúla monatóireachta gach ráithe, agus cruinnithe Earnála Teanga den CATT faoi dhó sa bhliain. Féadfar cruinnithe breise *ad hoc* a thionól de réir mar is gá. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go gcomhlíonfar an Comhaontú Seirbhíse reatha, chomh maith le forálacha an Mheamraim Airgeadais.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach do Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas agus tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do choistí ábhartha eile sa dá dhlínse de réir mar is gá. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil córais chearta bhainistíochta agus rialaithe airgeadais in áit agus comhoibreoidh sé nó sí le hOifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn in ullmhú ráitis na gcuntas bliantúil, lena n-áirítear ráiteas ar rialúchán inmheánach. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach freisin go bhfuil córas daingean iniúchóireachta inmheánaí in áit chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus chun a chinntiú go mbainfidh na caighdeáin is airde rialachais le bainistiú ghnóthaí Fhoras na

Gaeilge. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go n-ullmhófar Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Pleananna Gnó bliantúla agus go gcuirfear faoi bhráid an CATT iad gan mhoill i gcomhair a gceadaithe, i gcomhréir leis an treoir maidir le hullmhú pleananna atá eisithe ag na Ranna Airgeadais agus na Ranna Coimircíochta. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as fís agus straitéis a chruthú don eagraíocht, agus é nó í ag cinntiú go n-úsáidfear acmhainní chun an fhís sin a bhaint amach agus chun an straitéis a chur i bhfeidhm, agus go n-úsáidfear acmhainní na heagraíochta go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Bainistiú Airgeadais
Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go bhfuil córais dhaingne um bainistiú agus rialú airgeadais in áit. Áireoidh sé sin buiséid a ullmhú agus a bhainistiú, riachtanais chaiteachais agus íostarraingt airgid a thuar go cruinn, luainiú airgeadra eachtrach a bhainistiú, rialacha soláthair phoiblí a chomhlíonadh agus comhlíonadh na rialacha náisiúnta ar fad maidir le hairgead poiblí a bhainistiú sa dá dhlínse a chinntiú. Tá idirchaidreamh dlúth leis na Ranna Coimircíochta riachtanach, chomh maith le tuairisciú dóibh ar bhonn rialta. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach freisin as a chinntiú go bhfuil córais dhaingne in áit maidir le cosc, brath agus bainistiú calaoise agus neamhrialtachtaí.

Bainistiú agus Forbairt Acmhainní Daonna
Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go bhfuil polasaithe cuí acmhainní daonna in áit agus go gcomhlíonann siad reachtaíocht fostaíochta i ngach ceann de na dlínsí ina bhfuil an eagraíocht gníomhach. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta soiléire in áit chun tacú leis an bhfeidhm acmhainní daonna agus go ndéanfar oiliúint, forbairt agus tacaíocht do bhaill foirne a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dea-chleachtas. Go háirithe, cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go gcuirfear an oiliúint riachtanach ar fad a theastaíonn ó bhaill foirne ar fáil dóibh chun comhlíonadh agus cur i bhfeidhm na rialachán, na reachtaíochta, na bpolasaithe agus na rialacha a chinntiú. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach faoi láthair as bainistiú agus forbairt 71 bhall foirne coibhéis lánaimseartha atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath (Sráid Amiens), Béal Feirste, Gaoth Dobhair, Dún Seachlainn agus Ráth Chairn.

Riachtanach

Ní mór d'iarrthóirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil na scileanna agus an taithí seo a leanas acu:

- ardinniúlacht sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, agus tiomantas don teanga;
- teist chruthaithe de cheannaireacht ag leibhéal sinsearach, lena n-áirítear treo agus fís straitéiseach, agus leibhéal ard scileanna bainistíochta agus eagrúcháin, lena n-áirítear an cumas foireann a threorú, a bhainistiú, a spreagadh agus a fhorbairt;
- taithí ar bhuiséid shuntasacha/ar scála mór a bhainistiú;
- treorú agus bainistiú éifeachtach ar phróisis rialachais chorparáidigh, ina léirítear bainistiú éifeachtach riosca, bainistiú éifeachtach airgeadais agus gnóthú luach ar airgead as acmhainní eagraíochtúla;
- scileanna láidre anailíseacha agus cinnteoireachta agus cumas cruthaithe maidir le breithiúnais stuama a thabhairt ar cheisteanna casta agus íogaire;
- sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta agus an cumas ionadaíocht a dhéanamh go muiníneach thar ceann na heagraíochta i réimse fóram agus meán agus cumas cruthaithe maidir le caidrimh mhaithe oibre a bhunú agus a chothú le réimse leathan páirtithe leasmhara sinsearacha i dtimpeallacht íogair pholaitiúil;
- taithí ar chomhoibriú, ar chomhpháirtíochtaí agus ar ghréasáin a éascú go hinmhéanach agus go seachtrach chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach;
- taithí, nó an cumas taithí a fháil, ar na creataí agus na polasaithe dlí, riaracháin agus caidrimh thionsclaíoch éagsúla sa dá dhlínse, mar aon le tuiscint ar an riarachán poiblí sa dá dhlínse;
- taithí ar bhreithiúnas stuama a thabhairt, tréithe láidre ceannaireachta, scileanna eagrúcháin, bainistíochta daoine agus idirphearsanta agus an cumas baill foirne a spreagadh.

Critéir Inmhianaithe

Féadfaidh iarrthóirí fianaise a chur ar fáil de na scileanna agus an taithí bhreise seo a leanas:

- taithí roimhe seo in earnáil na Gaeilge;
- cáilíocht ábhartha tríú leibhéil;
- tuiscint ar thábhacht na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta chun próifíl nuálach den eagraíocht a chur i láthair an phobail;
- tuiscint ar dheiseanna maoinithe agus nósanna imeachta ábhartha agus ar fhéidearthachtaí comhoibrithe ag leibhéal idirnáisiúnta.

Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge – Eolas Tábhachtach

Dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais: Ní mór duit d'iarratas a chur isteach ar an suíomh gréasáin **www.publicjobs.ie/ga/** roimh **3i.n. Déardaoin an 15 Deireadh Fómhair 2026**

Beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo ag céim an ghearrliostaithe Scrúdú Scríofa.
Ba chóir duit súil a chaitheamh ar do Chlár Teachtaireachtaí ar publicjobs.ie go rialta chun an t-eolas is déanaí a fháil/chun eolas a fháil faoi thrialacha/agallaimh srl. Tabhair faoi deara gur féidir go n-athrófar na dátaí thuas.

Príomhinniúlachtaí d'fheidhmíocht éifeachtach ag leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh:

I gcreat inniúlachtaí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí, leagtar amach na príomhinniúlachtaí a bheadh ag teastáil ó stáitseirbhísigh agus ó sheirbhísigh phoiblí chun go n-éireodh leo ina róil.

Tá na hinniúlachtaí do leibhéal an Stiúrthóra ar fáil thíos:



Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí a áirithiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas reachtúil agus inimirce a bhaineann le bheith ag obair in Éirinn. Le bheith cáilithe, ní mór d'iarrthóirí a bheith:

(a) Ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear san LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) mar aon leis an Íoslainn, an Lichtinstéin, agus an Iorua nó

(b) Ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA) nó

(c) Ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine nó

(d) Ina saoránach neamh-LEE ar céile nó leanbh iad le saoránach LEE nó le saoránach na RA nó na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 acu nó

(e) Ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon bhall teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu nó

(f) Ina saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir iad le leanbh cleithiúnach ar saoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis iad, agus a bhfuil cónaí orthu i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Le bheith cáilithe, ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir saoránachta thuas a shásamh roimh dháta aon tairisceana poist.

PRÍOMHTHÉARMAÍ AGUS PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA

Tuarastal:
Faoi réir fhaomhadh an CATT, le cead na nAirí Airgeadais, is é €156,979 ráta an luach saothair iomlán don phost ón 1 Meitheamh 2026. Déanfar an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an rialtais.

Teidlíocht saoire: 30 lá (móide 10 lá reachtúil)

Scéim Pinsin: An Scéim Pinsin Thuaidh/Theas.

Tréimhse: Is 5 bliana téarma an chonartha. Is post lánaimseartha é an post.

Láthair: Tá ceanncheathrú Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfadh go n-éileodh an post taisteal ar bhonn rialta laistigh d'Éirinn agus Tuaisceart Éirinn agus taisteal thar lear ó am go ham.

Tá an chuid seo á cur ar fáil chun críche faisnéise amháin agus ní hionann í agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre
Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, i bhfeidhm maidir leis an bhfostaíocht seo, más cuí.

Uaireanta Freastail
Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 40 uair an chloig nó 35 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine glan. Beidh ar an duine a cheapfar uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um uaireanta oibre.

Saoire Bhliantúil
Ceadaítear 30 lá saor sa bhliain sa phost. Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreoiteachta

- Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, is féidir pá iomlán a íoc le linn saoire breoiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn *pro-rata*, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.
- Beidh ar Oifigigh a íocann ráta Aicme A d'ÁSPC mandáid a shíniú a thugann cead don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá i ndán faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn chuí. Beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn breoiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cuí.

Fostaíocht Sheachtrach
Post lánaimseartha atá i gceist agus níl cead ag an gceapaí a bheith ag obair i gcleachtas príobháideach nó baint a bheith aige nó aici le gnó seachtrach ar bith a chuireann isteach ar

bhealach ar bith ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann isteach ar an obair nó a chuireann a (h)ionracas i mbaol.

Sláinte
Ní mór d'iarrthóir ar an bpost agus cibé duine atá sa phost a bheith in ann na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh, agus ní mór riocht sláinte a bheith air nó uirthi a léireodh go bhfuil cosúlacht réasúnta ann gur féidir leis nó léi seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar.

Dea-cháil
Ní mór dea-cháil a bheith ar an iarrthóir, agus ar éinne atá sa phost.

Aoisliúntas agus Scor
Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am faoin Scéim Pinsin Thuaidh/Theas don té a cheapfar. Bunaíodh an scéim le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach, más mian leis nó léi, i gcónaí faoi réir rialacha an Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí (an LAEP) agus na Scéime Pinsin (mar a leasaítear í ó am go ham), iarratas a dhéanamh chun aon seirbhís inphinsin a rinne sé nó sí roimhe seo faoi aon fhoras LAEP a aistriú faoin LAEP chuig an Scéim Pinsin.

Cead roimh ré maidir le Foilseacháin:
Tabharfaidh an t-oifigeach geallúint gan aon ábhar a bhfuil baint aige le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead ó Cheannasaí na Roinne nó ó oifigeach eile a bhfuil an t-údarás cuí acu.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:
Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus cúrsaí polaitíochta.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint gur féidir go mbeidh feidhm ag pá éagsúil agus ag coinníollacha éagsúla más rud é, go díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí cheana féin.

AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór iarratas a dhéanamh trí iarratas **ar líne** a chur isteach trí **www.publicjobs.ie/ga/** agus cáipéis amháin ina bhfuil na hábhair seo a leanas a uaslódáil:

- **CV cuimsitheach**, lena n-áirítear cairt eagraíochta;
- **'Foirm na bPríomhéachtaí';**
- **Litir chumhdaigh / ráiteas pearsanta gearr.**

Is féidir teacht ar an teimpléad don Fhoirm Iarratais ar thaobh na láimhe deise ar an bhfógra ar shuíomh gréasáin poistphoiblí. Má tá deacrachtaí agat an fhoirm a aimsiú, téigh i dteagmháil linn ag **seniorexec@publicjobs.ie**

Chun d'iarratas a chur isteach i nGaeilge agus comhfhreagras a fháil trí Ghaeilge, cinntigh go bhfuil tú ar an leagan Gaeilge dár suíomh gréasáin, www.publicjobs.ie/ga/ sula dtéann tú chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air, agus cliceáil ar "Déan Iarratas" chun iarratas a chur isteach.

Dáta Deiridh: 3i.n. Déardaoin an 15 Deireadh Fómhair 2026

Ní ghlacfar le hiarratais nach gcuirtear isteach san fhormáid cheart nó i ndiaidh an dáta thuas.

In poistphoiblí, tá muid ag bogadh chuig ardán earcaíochta nua chun ár seirbhísí agus taithí an iarrthóra a fheabhsú. De bharr na seirbhíse nua, beidh d'iarratas níos feiceálaí duit agus beidh níos mó smachta agat air.

Agus iad ag úsáid ar ár n-ardáin earcaíochta nua den chéad uair, ní mór d'iarrthóirí clárú mar Úsáideoir Nua chun próifíl a chruthú (cuntas nua a chlárú). Chun sin a dhéanamh, téigh chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air ar Chlár na bPost trí chliceáil ar theideal an phoist. Tabharfar chuig an bhfolúntas thú agus beidh tú in ann cliceáil ar "Cláraigh" ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh; lean na treoracha a thugtar.

Beidh cuntas ag iarrthóirí atá cláraithe ar an ardán nua cheana féin agus ba chóir dóibh "Logáil Isteach" nó "Déan Iarratas" a roghnú ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh clárúcháin nó úsáid a bhaint as an nasc ag bun an leathanaigh.

Agus tú cláraithe agus nuair a dheimhnítear do sheoladh ríomhphoist, is féidir leat cur isteach ar an bhfolúntas ar ár gcóras nua. Chun sin a dhéanamh don fheachtas seo, beidh ort dul ar ais chuig leathanach an fholúntais – **Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge** – ar chlár na bpost ar www.publicjobs.ie/ga/ agus cliceáil ar "Déan Iarratas". Ba chóir duit ansin "Logáil Isteach" a roghnú ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh Logála Isteach agus na treoracha a thugtar a leanúint.

Téigh chuig an Ionad Cabhrach má tá ceisteanna agat nó má thagann deacrachtaí teicniúla chun solais agus tú ag iarraidh bogadh timpeall an tsuímh nó d'iarratas a chur isteach.

Le linn an fheachtais, déanfar teagmháil le hiarrthóirí ar líne go príomha. Seolfaidh poistphoiblí cumarsáid trí do chlár teachaireachtaí poistphoiblí agus trí mheán an ríomhphoist. Moltar duit súil a choinneáil ar do thairseach iarrthóra go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/thástálacha/ agallaimh srl. a chuirtear chuig do thairseach

iarrthóra chuig d'fhillteáin ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar (nó '*Promotions*' i gcás gmail). Moltar duit freisin súil a choinneáil ar na fillteáin sin ar fad go minic.

Is faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go bhfuil sé nó sí ag fáil gach cumarsáide ó poistphoiblí. Níl poistphoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Moltar go láidir duit gan do sheoladh ríomhphoist nó d'uimhir ghutháin a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtaireacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir ghutháin a tugadh ar dtús.

Tabhair faoi deara:
Mura gcloiseann poistphoiblí faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a tharlaíonn duit ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheidh muid in ann plé leo ina dhiaidh sin.

An Próiseas Roghnúcháin:

Is féidir go mbeidh na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas ina n-iarratais;
- réamhagallamh iomaíoch;
- ceistneoir(í) ar líne a dhéanamh;
- Ceistneoir Pearsantachta Ceirde
- cás-staidéar/sampla oibre/rólimirt/cleachtadh meán, agus aon triail nó cleachtadh oiriúnach eile;
- agallamh iomaíoch inar féidir go mbeidh ar iarrthóirí cur i láthair a dhéanamh.

Beidh na hagallaimh ar siúl aghaidh ar aghaidh.

Tabhair faoi deara:
Tugann muid fógra go bhfuarthas gach iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de 3 lá, seol ríomhphost chuig **seniorexec@publicjobs.ie.** Seolfaidh muid ríomhphoist chugat ag na céimeanna cuí lena rá leat súil a chaitheamh ar do chlár teachtaireachtaí sábháilte ar publicjobs.ie leis an eolas is déanaí faoin gcomórtas a fháil. Déanann muid iarracht fógra a thabhairt chomh fada agus is féidir roimh na hagallaimh srl.; ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil siad ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn poistphoiblí.

Gearrliostú
Go hiondúil is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn le líonadh. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir critéir cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh poistphoiblí cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. I gcás dá leithéid, cuireann poistphoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach mbeadh siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu.

Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go n-áireofar sna critéir ghearrliostaithe na critéir atá riachtanach chomh maith leis na critéir atá inmhianaithe don phost. Moltar duit, dá bharr, mionchuntas cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas.

Teistiméireachtaí

Bheadh muid buíoch díot dá smaoineodh tú ar chúpla duine a bheadh oiriúnach, dar leat, mar mholtóirí a mbeadh muid in ann labhairt leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha san áireamh, ach ba chóir go mbeadh siad in ann teistiméireacht a thabhairt fút; ní mór go mbeadh duine amháin acu ina dhuine a raibh caidreamh tuairiscithe díreach agat leis nó léi. Ba chóir do na moltóirí a bheith in ann eolas cothrom le dáta a thabhairt faoi d'obair agus d'iompar san ionad oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú atá in ann eolas mar sin a thabhairt ó dhearcthaí éagsúla nó ó ionaid éagsúla oibre. Geallann muid nach ndéanfaidh muid teagmháil le moltóirí ach amháin sa chás go bhfuil tú á mheas do cheapachán i ndiaidh chéim an réamhagallaimh.

Tabhair faoi deara, le do thoil: má éiríonn leat san agallamh deiridh, beidh orainn teistiméireacht a fháil ó d'fhostóir reatha sula molfar thú do cheapachán. Is féidir go mbeidh ar iarrthóirí a mholtar do cheapachán tabhairt faoi sheiceálacha éagsúla réamhfhostaíochta, m.sh. Dearbhú Sláinte agus Dea-Cháile, Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, agus aon scrúdú oiriúnach eile.

Má cheapann tú go mbainfeadh tú leas as comhrá rúnda faoi ghné ar bith den deis shuntasach seo, téigh i dteagmháil le Labhaoise Ní Choileáin trí mheán an ríomhphoist ag Labhaoise.NiChoileain@publicjobs.ie

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach cearn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim aige i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Tá muid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú **faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnúcháin, molann muid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn** chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta inár bpróiseas roghnúcháin ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile sa chomórtas. **Is féidir linn socruithe a chur i bhfeidhm d'aon chéim den phróiseas, lena n-áirítear measúnuithe ar líne, agallaimh, nó cleachtaí.** Maidir leis na socruithe a chuireann muid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus socruithe éagsúla eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, **ní bheidh** tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnúcháin; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoidh muid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort **faoi rún daingean**.

Má éiríonn leat, **ní sheolfaidh muid** eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh **chuig an roinn fostaithe**, ach amháin má iarrann tú orainn sin a dhéanamh.

Má chuireann tú in iúl i d'fhoirm iarratais go mbeidh socruithe réasúnta uait, beidh an rogha seo a leanas agat:

A. Má bhain tú leas as socruithe réasúnta **le poistphoiblí le trí bliana anuas**, ba chóir duit sonraí **faoin gcomórtas** is déanaí dona bhfuair tú socruithe réasúnta, mar aon le d'**UA Iarrthóra a chur isteach**

NÓ

B. Beidh ort tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis a chur isteach mar chuid de d'iarratas, ina bhfuil sonraí faoi do mhíchumas/riachtanais.

Tá tuairisc ag teastáil uainn chun tuiscint níos fearr a fháil ar do mhíchumas agus ar do riachtanais. Mar aon le d'iarratas, cabhraíonn an tuairisc linn a shocrú cén socruithe a bheadh oiriúnach duit sa phróiseas roghnúcháin.

Ní roinnfear na tuairiscí ach le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe in poistphoiblí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/de thuairiscí ó shíceolaí **a cheilt (a bhaint amach)** má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ná seol do thuairisc leighis/do thuairisc ó shíceolaí chugainn trí mheán an ríomhphoist – ba chóir duit í a uaslódáil go díreach le d'iarratas ar líne.

Má tá aon deacracht agat agus do thuairisc á huaslódáil agat, téigh i dteagmháil le seniorexec@publicjobs.ie

Cinnteoidh poistphoiblí go gcuirfear do shocruithe réasúnta i bhfeidhm ar bhealach cuí ag gach céim den phróiseas roghnúcháin.

Má tá **aon cheist agat faoi phróiseas na socruithe réasúnta nó faoi na socruithe atá faighte agat**, téigh i dteagmháil le ASU@publicjobs.ie.

Más mian leat aon cheist a bhaineann le **hinrochtaineacht** ár seirbhísí nó ár bhfoirgnimh a phlé nó má tá tacaíocht uait ónár d**Tacadóir Míchumais**, Amanda Kavanagh, téigh i dteagmháil le edi@publicjobs.ie

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Éagsúlacht agus faoin Ionchuimsiú, féach an **Mol Eolais** ar ár suíomh gréasáin. Tá eolas faoi inrochtaineacht ár seirbhíse le fáil ar an leathanach dar teideal **Inrochtaineacht** ar ár suíomh gréasáin.

Eolas Ginearálta

Ní bheidh poistphoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Má thugtar cead do dhuine páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó má fhaigheann sé nó sí cuireadh chun agallaimh nó litir ag rá gur éirigh leis nó léi, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na critéir uilig.

Déanfaidh poistphoiblí gach fiosrúchán atá riachtanach chun oiriúnacht iarrthóra a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go bhfuil gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán. Sa chás go ndiúltaíonn an chéad duine a mholtar do cheapachán don cheapachán sin, nó má éiríonn sé nó sí as tar éis dó nó di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh poistphoiblí, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh do cheapachán de thoradh an chomórtais seo.

Critéir ar leith an iarrthóra

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas cuí agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh dea-cháile de;
- A bheith oiriúnach don cheapachán ar gach slí,

agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo a leanas:

go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh;

go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán dualgais an phoist.

Nuair a mheastar go bhfuil iarratas tarraingthe siar
Ní dhéanfar iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thriail eile ag an am agus san áit a shocraíonn poistphoiblí, nó nach gcuireann fianaise a lorgaíonn poistphoiblí maidir le haon ghné dá n-iarratas ar fáil a mheas a thuilleadh.

Táthar ag súil leis go gcuirfidh iarrthóirí cáipéisí a lorgaíonn poistphoiblí ar fáil, gach foirm a sheolann poistphoiblí amach san áireamh, laistigh de chúig lá. Mura ndéantar amhlaidh, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a (h)iarratas a thuilleadh.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
Tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarrann muid ort an t-eolas cuí a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

Cearta agus Dualgais an Iarrthóra

Rúndacht
Geallann muid d'iarrthóirí go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a ndéanann poistphoiblí bainistíocht uirthi le hardrúndacht, de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, áfach, gur féidir go dtabharfar gach ábhar iarratais don údarás/eagraíocht fostaithe. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar leith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

An Próiseas Athbhreithnithe
Tá na modhanna athbhreithnithe leagtha amach sna Treoirlínte maidir le ceapacháin i bpoist nach dtagann faoi scáth an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 atá le fáil i gcáipéis bhreise ar leathanach an fholúntais ar shuíomh gréasáin poistphoiblí. Ní mór an fhoirm athbhreithnithe atá le fáil in Aguisín 1 sna Treoirlínte a úsáid nuair atá iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh. Más mian leat cóip de na Treoirlínte sin a fháil i ndiaidh chéim na fógraíochta, seol ríomhphost chuig seniorexec@publicjobs.ie agus iarr orainn an cháipéis sin a sheoladh chugat.

Iarratais ar Aiseolas
Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil má lorgaítear é. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil.

Tabhair faoi deara gur próiseas difriúil é an Próiseas Athbhreithnithe atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le ceapacháin i bpoist nach dtagann faoi scáth an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus tá teorainneacha ama ar leith i gceist ar gá cloí leo. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc.

Dualgais na nIarrthóirí

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go mearánta;
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú;
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas;
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas má roinneann sé nó sí ábhar scrúdaithe le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile. Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus go bhfuil cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais, ceisteanna nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí san áireamh) nó ábhar bainteach nó agalla(i)mh a athchruthú nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, modh scríofa nó eile, ag am ar bith. Má dheantar a leithéid, coir atá i gceist agus is féidir go bhfágfar as an bpróiseas roghnúcháin thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn sé nó sí le duine/daoine eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfear an dlí agus/nó agra sibhialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

Fearas Taifeadta a Úsáid
Ní cheadaíonn poistphoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid ar cheann ar bith de na cúiseanna sin cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí sin i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair measúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar sin gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nár ceapadh an duine i bpost, dícháileofar é nó í mar mar iarrthóir, agus
- Sa chás gur ceapadh é nó í i ndiaidh an phróisis earcaíochta, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán.

Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnúcháin, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar aghaidh chuig rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar cuireadh ag obair thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig dpo@publicjobs.ie agus cinntigh go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh poistphoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie.

Nochtaí Cosanta

Tá Polasaí poistphoiblí i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) le fáil ar:
publicjobs_Protected_Disclosures_Policy_2025_Final.pdf

Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go mbainfear ón bpróiseas é dá dheasca.

Eile

Is féidir go reáchtálfaidh páirtithe eile cuid den phróiseas iarratais. I gcásanna dá leithéid beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir poistphoiblí agus na páirtithe sin chun d'iarratas a phróiseáil.

poistphoiblí
publicjobs

poistphoiblí
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath I.
Eircode: D01 C7W6.
Fón: 01 858 7400

Is féidir leat coinneáil suas chun dáta linn ar **publicjobs.ie** agus trí muid a leanúint ar na hardáin shóisialta: